

RABHADH

Tabhair an páipéar seo ar ais le do fhreagarleabhar.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

—————
SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

—————
**STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL
(180 MARC)**

—————
DÉ MÁIRT, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30

STAMPA AN IONAIÐ

**SCRÚDUIMHIR
AN IARRTHÓRA**

CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL.

STAIR, GNÁTHLEIBHÉAL

Freagair gach ceist.

Freagair **ceist 1**, **ceist 2**, agus **ceist 3** sna spásanna cuí ar an bpáipéar scrúdaithe.

1. PICTIÚIR (35 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir A1, A2,B agus C atá ag gabháil leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:

(a) PICTIÚR A1 agus PICTIÚR A2

Séard atá i bPictiúr A1 ná tuairim ealaíontóra de lonnáiocht feirmeoireachta sa Chlochaois in Éirinn anallód. Séard atá i bPictiúr A2 ná atógáil de theach ón gClochaois.

(i) Ainmnigh **dhá** ghníomhaíocht atá le feiceáil i bpictiúr A1.

.....
.....(2)

(ii) Ainmnigh arm **amháin** atá le feiceáil i bpictiúr A1.

.....
.....(2)

(iii) I bpictiúr A2 cén fáth, dar leat, ar tógadh an clai timpeall an tí?

.....
.....(3)

(iv) Mínigh cén fáth a dtugann stairithe an *Chlochaois* ar an tréimhse seo den stair.

.....
.....(4)

(b) PICTIÚR B

Séard atá i bpictiúr B ná atógáil a rinneadh ar chrannóg i gCreagán Eoghain, Co. an Chláir.

(i) Cén fáth, dar leat, ar tógadh crannóga ar locha?

.....
.....(3)

(ii) Na daoine a raibh cónaí orthu ar an gcrannóg, cén chaoi ar shroich siad an mhórhthír?

.....
.....(3)

(iii) Ainmnigh **dhá** ábhar as a ndearnadh na tithe (marcáilte **X**).

.....
.....(4)

(iv) Cuir **X** sa bhosca in aice leis an ráiteas ceart thíos.

Is iad na daoine a thóg crannóga in Éirinn ná

1 Na Ceiltigh

2 Na Rómhánaigh

3 Na Lochlannaigh

(4)

(c) **PICTIÚR C**

Séard atá i bpictiúr C ná tuairim ealaíontóra den chuma a bhí ar Chaisleán Bhaile Átha Troim sa Mheánaois.

(i) Ainmnigh cineál **amháin** iompair a thaispeántar i bpictiúr C.

.....
.....(2)

(ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise a léiríonn gur feirmeoirí iad mórchuid de na daoine a raibh cónaí orthu in aice an chaisleáin.

.....
.....(2)

(iii) Cén fáth, dar leat, go raibh cónaí ar thiarna an chaisleáin san fhoirgneamh atá marcáilte **Y**?

.....
.....(3)

(iv) Ba iad na Normannaigh an dream ba thúisce a thóg caisleáin chloiche in Éirinn? Fíor nó bréagach?

.....(3)

2. **DOICIMÉID** (35 mharc)

Déan staidéar ar an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna thíos:

(a) **Doiciméad 1**

Sliocht é seo as cuimhní cinn Joseph Robert Clynes (1869-1949). Mac le himirceoir Éireannach sa Bhreatain ba ea é agus d'éirigh go maith leis sa pholaitíocht.

(i) Cén fáth gur fhulaing an t-athair “an chruálacht a bhaineann le dí-shealbhú”?

.....
.....(2)

(ii) Cén fáth gur roghnaigh a athair dul chuig Oldham?

.....
.....(2)

(iii) Cén fáth ar íoc a athair “pingin nó dhó in aghaidh na seachtaine dom féin, do mo dheartháireacha agus do mo chúigear deirfiúr”?

.....(2)

(iv) Cén aois a bhí ag Joseph nuair a thosaigh sé ag obair? Cén post a bhí aige?

Aois:
Post:(4)

(v) Déan cur síos gairid ar an gcaoi a bhí rudaí sa mhonarcha.

.....
.....(4)

(vi) Dar leat, an cuimhneacha taitneamhacha a bhí ag Joseph ar a óige? Tabhair **dhá** phíosa fianaise ón sliocht chun cuidiú le do fhreagra.

.....
.....
.....(4)

(b) **Doiciméad 2**

Sliocht é seo as cuntas ina gcuirtear síos ar tharlachaintí i rith Éirí Amach na Cásca, 1916 i mBaile Átha Cliath. Ba í Caitlín Uí Chléirigh, bean chéile duine de na ceannairí, Tomás Ó Cléirigh, a scríobh é.

(i) Cén fáth a ndúirt Iníon Nic Mhathúna: “chuirfeadh an tUasal Mac Piarais ag gáire tú”?

.....
.....(2)

(ii) I rith na seachtaine, cad é an páipéar a chuir an tUasal Mac Piarais amach?

.....
.....(2)

(iii) Cad é an teachtaireacht a bhí cloiste ag feidhmeannach Oifig an Phoist?

.....
.....(2)

(iv) Cén fáth, dar leat, ar inis feidhmeannach Oifig an Phoist do Chaitlín Uí Chléirigh cad a bhí sa teachtaireacht?

.....
.....(3)

(v) Ainmnigh slí **ambáin** ar chabhraigh Caitlín Uí Chléirigh le lucht an Éirí Amach in Ardoifig an Phoist.

.....
.....(4)

(vi) Nuair a bhí Caitlín ag cur plandaí sa gáirdín, cad é an tsiosarnach a chuala sí?

.....
.....(4)

3. CEISTEANNA LE FREAGRAÍ GEARRA (60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú sé mharc an ceann iad.

- (i) Ainmnigh **dhá** shaghas foinse scríofa gur féidir le staraithe a úsáid agus iad ag lorg eolais ar an am atá caite.
.....(6)
- (ii) Cad é an t-ainm speisialta a thugtar ar nithe a fhionnann seandálaithe?
.....(6)
- (iii) Cé acu díobh seo a leanas gur láthair é a bhaineann leis an gClochaois in Éirinn?
Brú na Bóinne; Mainistir Seireapuín; Cé an Adhmaid.
.....(6)
- (iv) Ainmnigh sibhialtacht ársa **amháin** lasmuigh d'Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Scríobh síos fíric **amháin** maidir le tithíocht **nó** le gnásanna adhlactha ón tsibhialtacht sin.
Sibhialtacht:
Fíric:(6)
- (v) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn anallód:
Draoi; Tuath; Fulacht Fiadh; Bard.
.....(6)
- (vi) Sa Mheánaois cad a bhí i *seirfeach*?
.....(6)
- (vii) Ainmnigh céim **amháin** sa traenáil a bhí le déanamh ag *ridire* sa Mheánaois.
.....(6)
- (viii) Agus cur síos á dhéanamh agat ar rudaí a bhain leis an Meánaois, cad chuige ar úsáideadh na téarmaí *Gotach* agus *Rómhánúil*?
.....(6)
- (ix) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le mainistir sa Mheánaois :
Clabhstra; Ab; Proinnteach; Teach Caibidle.
.....(6)
- (x) Seachas reiligiún, ainmnigh seirbhís **amháin** don phobal a chuir na mainistreacha ar fáil sa Mheánaois.
.....(6)
- (xi) Tabhair cúis **amháin** gur san Iodáil a thosaigh an Renaissance.
.....(6)

- (xii) Ainmnigh péintéir **amháin** de chuid an Renaissance agus ceann **amháin** de shaothair an phéintéara sin.
- Péintéir:
- Saothar:(6)
- (xiii) Ainmnigh scríobhneoir **amháin** de chuid an Renaissance agus ceann **amháin** de shaothair an scríbhneora sin.
- Scríbhneoir:
- Saothar:(6)
- (xiv) Ainmnigh forbairt **amháin** i gcúrsaí Eolaíochta **nó** Leighis i rith an Renaissance.
-(6)
- (xv) Tabhair cúis **amháin** gur bhris réabhlóid amach i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn san 18ú haois.
-
-(6)
- (xvi) I gcás ceann **amháin** de na réabhlóidí a bhris amach i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn san 18ú haois, ainmnigh ceannaire a raibh baint aige/aici leis an réabhlóid **agus** ainmnigh tarlachtaint a tharla i rith na réabhlóide céanna.
- Ceannaire:
- Tarlachtaint:.....(6)
- (xvii) Scríobh síos forbairt **amháin** a rinneadh i gcúrsaí feirmeoireachta sa Bhreatain i rith na Réabhlóide Talmhaíochta.
-(6)
- (xviii) Scríobh síos fíric **amháin** mar gheall ar Chogadh na Saoirse in Éirinn, 1919-1921.
- NÓ**
- Ainmnigh athrú mór **amháin** a tharla i gcúrsaí iompair in Éirinn ó 1945.
-(6)
- (xix) Ainmnigh ceannaire **amháin** as *Caidreamh Idirnáisiúnta sa Fichiú hAois* **agus** ainmnigh an tír a raibh baint ag an ceannaire leis.
- Ceannaire:
- Tír:(6)
- (xx) Ainmnigh tarlachtaint mhór **amháin** as *Caidreamh Idirnáisiúnta sa Fichiú hAois* agus tabhair cúis **amháin** go raibh an tarlachtaint sin tábhachtach.
- Tarlachtaint:
- Tábhacht:
-(6)

FREAGAIR AN CHEIST SEO I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH

4. PEARSANA SA STAIR (50 marc)

Freagair A agus B

A. Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh faoin duine sin. Más mian leat is féidir leat na noda a úsáid mar chabhair le do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr de chuntais.

(i) **Manach i mainistir in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta.**

- NODA * An chúis a ndeachaigh sé le manachas
* Gníomhaíochtaí laethúla
* Obair thábhachtach a bhí le déanamh sa mhainistir
* Na príomh-fhoirgnimh sa mhainistir (25)

(ii) **Ceardaí i mbaile mór sa Mheánaois.**

- NODA * Ainm na ceirde
* Traenáil
* Na gildeanna
* An saol mar a bhí sa bhaile mór (25)

(iii) **Taiscéalaí a ainmníonn tú a bhí i gceannas ar thuras taiscéalaíochta.**

- NODA * Cúiseanna leis an turas
* Rí nó banríon a chuidigh leis an turas
* Na dálaí don chriú ar an turas
* Áiteanna nó bealaí a fionnadh ar an turas (25)

B. Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh faoin duine sin. Más mian leat, is féidir leat na noda a úsáid mar chabhair le do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Leasaitheoir creidimh a ainmníonn tú i dtréimhse an Reifirméisín.**

- NODA * Ainm an leasaitheora
* Imeachtaí tábhachtacha i saol an leasaitheora
* Na príomh-phointí creidimh a bhí aige
* Torthaí ar obair an leasaitheora (25)

(ii) **Úinéir talún Éireannach a chaill talamh i bplandáil in Éirinn a ainmníonn tú.**

- NODA * Ainm an limistéir a plandáladh
* Na cúiseanna gur chaill sé an talamh
* Dálaí maireachtála nua
* Caidreamh idir é agus na plandóirí nua (25)

(iii) **Ceannaire Rialtais in Éirinn a ainmníonn tú in aon tréimhse tar éis 1920.**

- NODA * Ainm an cheannaire
* Na deacrachtaí a bhí le sárú ag an rialtas
* Na príomh-shocruithe a rinneadh
* Na torthaí a bhí ar na socruithe sin (25)

NÓ

Seanduine ag caint faoi athruithe a tharla i saol na mban in Éirinn sa 20ú haois.

- NODA * Ról na mban sa bhliain 1900
* Athruithe i gcúrsaí oibre
* Athruithe sa bhaile
* Athruithe i gcúrsaí polaitíochta (25)

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002


STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

FOINSÍ


1. PICTIÚIR

PICTIÚR A1.




Foinse: Curtha in eagar ag Michael Ryan, "Irish Archaeology Illustrated" (lch.61) Country House.

PICTIÚR A2.



Foinse: Curtha in eagar ag Michael Ryan, "Irish Archaeology Illustrated" (lch.61) Country House.


PICTIÚR B.



Foinse: Aidan O'Sullivan, "Crannógs: Lake-dwellings of early Ireland" (lch.23) Country House.

PICTIÚR C.

Y



Foinse: Uto Hogerzeil.

2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1.

Sliocht é seo as *Cuimhní Cinn Joseph Robert Clynes, mac le himirceoir Éireannach sa Bhreatain.*

“Sa bhliain 1851, nuair a bhí sé ina oibrí séimh feirme in Éirinn, ritheadh Acht Parlaiminte nár thuig sé, agus is é an rud a tharla do Phádraig Clynes agus na céadta nach é ná gur fhulaing siad an chruálacht a bhaineann le díshealbhú agus fágadh é sa chaoi go raibh air slí nua beatha a lorg do féin. Ní fhéadfadh sé a leithéid a fháil in Éirinn: ach ba mhór é an tarraingt do oibríthe meaisín é tréimhse rathúnais an chadáis i Lancashire, agus chuaigh sé go Oldham, áit ar oibrigh sé i muileann.

As na ceithre scilling is fiche a thuil sé, d’íoc m’athair pingin nó dhó in aghaidh na seachtaine dom féin agus do mo dheartháir agus do mo chúigear deirfiúr ionas go bhfaighimis an t-oidéachas a chaill sé féin. Nuair a bhíos in aois fir mar dhea ag deich mbliain d’aois, fuair mé fostaíocht leath aimsire i Muileann Dowry mar “little piecer”. Na huaireanta a bhí agam ná ón a sé ar maidin go dtí meánlae agus chuaigh mé as sin go dtí an scoil um thráthnóna.

Ba é an fothram an rud ba mhó a chuaigh i gcionn orm. Cliotar, sliogar, pléasc, sioscadh na luamhán agus iad ag casadh agus na céadta fear, ban agus páistí ag plódú le chéile ag obair. Ní cuimhin liom aon samhradh a bheith órga, ná aon bhua ag cluichí nó ag spórt, ná aon siúlóidí trí choillte dorcha ná thar chnoic. Ní hea ach ag na béiltí ba annamh a cheapfá go mbeadh go leor le n’ithe agat, turais dhéaróla trí shráideanna lán de dheatach, ar maidin agus mé tuirseach agus um thráthnóna agus mo chosa ag crith fúm agus mé traochta.”

- scilling= sean phíosa airgid gur fiú timpeall 6 ceinteanna é.

Foinse: J.R. Clynes, “Cuimhní Cinn”, 1937. Spartacus Educational.

DOICIMÉAD 2.

Sliocht é seo as cuntas ina ndéantar cur síos ar tharlachtaí i rith Éirí Amach 1916 i mBaile Átha Cliath. Ba í Caitlín Uí Chléirigh, bean chéile duine de na ceannairí, Tomás Ó Cléirigh, a scríobh é.

“Tháinig Iníon Nic Mhathúna ó Ardoifig an Phoist le teachtaireachtaí agus thug sí cuntas soiléir dom ar a raibh ag tarlú ann. Dúirt sí, “chuirfeadh an tUasal Mac Piarais ag gáire tú, bhí sé ag imeacht ar fud Ardoifig an Phoist mar fhear a bheadh ag taibhreamh agus é sa tslí ar dhaoine a bhí ag iarraidh eagar a chur ar rudaí, agus dúirt an tUasal Ó Cléirigh, “Ar son Dé an bhfaigheadh duine éigin oifig agus deasc don fhear sin le pinn agus páipéar agus fág ann é go scríobhfaidh sé rud éigin”. Is ansin a bhí sé ina shuí ar feadh formhór na seachtaine agus d’eisigh sé páipéar dar teideal *Nuacht an Chogaidh*. . .

Dé Máirt, sheas an aimsir bhreá. Go luath sa lá, ghlaigh feidhmeannach in Oifig an Phoist orm, a raibh cónaí air in aice liom, chun a rá liom gur tharla gur chuala sé caint. Cuireadh scéala ar líne príobháideach ag malartán an teileafóin, á rá go rabhtas chun aerlong a chur trasna an oíche sin chun buamaí loiscneacha a chaitheamh anuas ar Ardoifig an Phoist. Tháinig Iníon Nic Mhathúna go luath ar maidin le teachtaireachtaí agus chuir mise ar ais í chuig Ardoifig an Phoist le teachtaireacht mar gheall ar an aerlong agus na buamaí. Múchadh na soilse go léir in Ardoifig an Phoist an oíche sin.

Nuair a d’imigh Iníon Nic Mhathúna, chuaigh mé ar ais go dtí an gáirdín chun leanúint le mo chuid plandála. Bhí an talamh an-tirim agus mar gheall ar sin bhí canna uisce im lámh agam chun uisce a chur ar na plandaí. Bhí mé díreach tar éis é a leagaint uaim nuair a chuala mé siosarnach a bhain geit asam. Thit mé as mo sheasamh agus ní raibh me ábalta éirí ar feadh tamaill. Ní raibh a fhios agam cad ba chiontach leis an tsiosarnach ach d’fhéach mé ar channa an uisce a luaithe is a bhí mé ábalta agus fuair mé dhá pholl piléar ann, ceann ar gach taobh.”

- Ardoifig an Phoist = ceanncheathrú na reibiliúnaithe a bhí ag troid in aghaidh na Breataine.
- Buamaí loiscneacha = buamaí a deineadh chun tinnte a thosnú i bhfoirgnimh.

Foinse: Caitlín Uí Chléirigh, “Revolutionary Woman”.